Cuid II

An Coimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil

Réamhrá

Is é an ról atá agam mar Choimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil athbhreithniú a dhéanamh ar bhreitheanna údarás poiblí atá á n-achomharc ag iarratasóirí nach bhfuil sásta leis an toradh ar iarrataí a rinneadh faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol), 2007 go 2014. Sa bhliain 2016, phróiseáil Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil (OCFC) níos mó cásanna ná riamh, agus í ag freagairt do mhéadú suntasach ar líon na n-achomharc faoi na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol ag an am céanna.

Trasuitear leis na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol Treoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2003 maidir le rochtain phoiblí ar fhaisnéis faoin gcomhshaol. Cuirtear chun feidhme le Treoir 2003/4/CE an chéad cholún de Choinbhinsiún Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil ("Coinbhinsiún Aarhus").

Is le "faisnéis faoin gcomhshaol" atá á sealbhú ag "údarás poiblí" nó thar a cheann a bhaineann an ceart chun rochtain a fháil ar fhaisnéis faoi na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol. Tá brí shonrach leis an dá théarma sin atá sainmhínithe in airteagal 3(1) de na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol. Tá mo chuid breitheanna ar achomhairc críochnaitheach agus ceangailteach ar na páirtithe lena mbaineann, ach amháin i gcásanna ina ndéantar achomharc eile chuig an Ard-Chúirt ar phonc dlí laistigh de dhá mhí ó dháta na breithe lena mbaineann.

Cé go bhfuil OCFC scartha go dlíthiúil ó Oifig an Choimisinéara Faisnéise, foráiltear le hairteagal 12(10) de na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol go bhfaighidh an Coimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil cúnamh ó fhoireann Oifig an Choimisinéara Faisnéise agus, dá bhrí sin, go mbeidh fáil aige ar aon acmhainní eile atá ar fáil don Oifig sin.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi fheidhmiú an chórais um rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaol in Éirinn, tabhair cuairt ar ár suíomh Gréasáin ag **www.ocei.ie**, áit a bhfuil naisc chuig Tuarascálacha Bliantúla roimhe seo ón Oifig, chuig an Lámhleabhar maidir le Nósanna Imeachta OCFC, chuig suíomh Gréasáin na Roinne Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil agus chuig Treoir 2003/4/CE.

Achomhairc agus ceisteanna sa bhliain 2016

Bhí 27 n-achomharc idir lámha ag OCFC i dtús na bliana 2016. Díobh sin, osclaíodh 22 cheann sa bhliain 2015, osclaíodh ceithre cinn sa bhliain 2014 agus osclaíodh ceann amháin sa bhliain 2013. Fuair OCFC 52 achomharc nua sa bhliain 2016 (figiúr arbh ionann é agus líon comhcheangailte na n-achomharc a fuarthas sna blianta 2014 agus 2015). Dhún OCFC 40 cás sa bhliain 2016: thug mé 27 mbreith fhoirmiúla; bhí cúig achomharc neamhbhailí; tarraingíodh sé chás siar; agus réitíodh dhá chás.

Torthaí ar Achomhairc chuig OCFC sa tréimhse 2012-2016



Ag deireadh na bliana 2016, bhí 39 n-achomharc bhailí idir lámha ag OCFC – fuarthas 36 cinn díobh sin sa bhliain 2016 agus fuarthas na trí cinn eile sa bhliain 2015. Tá na cásanna ón mbliain 2015 á gcur ar aghaidh ag ár nImscrúdaitheoirí agus é seo á scríobh. Thuairiscigh an fhoireann go bhfuarthas 27 gceist ghinearálta faoi na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol sa bhliain 2016. Phróiseáil an Oifig seo trí iarraidh ar rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaol sa bhliain 2016. Bhí ceann amháin de na breitheanna sin ina ábhar d'athbhreithniú inmheánach ina dhiaidh sin.

Iarrataí a measadh a bheith diúltaithe sa bhliain 2016

Leagtar síos sna Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol teorainneacha ama socraithe inar gá d'údaráis phoiblí breitheanna ar iarrataí ar rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaol agus breitheanna athbhreithnithe inmheánaigh a thabhairt. Meastar iarraidh a bheith diúltaithe i gcásanna ina mainníonn an t-údarás poiblí breith a eisiúint laistigh den teorainn ama iomchuí atá sonraithe sna Rialacháin (mí amháin, de ghnáth).

Sa bhliain 2016, mhainnigh ocht n-údarás phoiblí breitheanna céadchéime a thabhairt ar iarrataí ar rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaol laistigh den tréimhse ama atá sonraithe sna Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol. Ba iad seo a leanas na húdaráis phoiblí sin: an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh; an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath; Bord Soláthair an Leictreachais; an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil; Líonraí Gáis Éireann; Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte; agus an Bord Forbartha Tionscail.

Sa bhliain 2016, mhainnigh seacht n-údarás phoiblí breitheanna athbhreithnithe inmheánaigh a thabhairt laistigh den tréimhse ama atá sonraithe sna Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol. Ba iad seo a leanas na húdaráis phoiblí sin: Coillte; an tSeirbhís Chúirteanna; an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; EirGrid; Líonraí Gáis Éireann; Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte; agus Bonneagar Iompair Éireann.

Cumhachtaí faoi airteagal 12(6) de na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol

Foráiltear le hairteagal 12(6) de na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol go bhféadfaidh mé, le linn dom athbhreithniú a dhéanamh ar achomharc, ceangal a chur ar údarás poiblí faisnéis faoin gcomhshaol a chur ar fáil dom, faisnéis faoin gcomhshaol atá á sealbhú ag údarás poiblí a scrúdú agus cóipeanna a dhéanamh di, agus dul isteach in aon áitreabh atá á áitiú ag údarás poiblí ionas gur féidir liom faisnéis faoin gcomhshaol a bhailiú. Tá áthas orm a thuairisciú nár ghá dom na cumhachtaí sin a chur i bhfeidhm sa bhliain 2016.

Imeachtaí Cúirte sa bhliain 2016

Redmond & Anor -v- An Coimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil 2016/27 JR

Sa bhreith a thug mé sa chás An tUas. Jim Redmond agus Coillte Teoranta (CEI/14/0011), chinn mé nár tháinig faisnéis áirithe faoi aistriú talún faoi raon feidhme na Rialachán maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol. Tá an bhreith sin ina hábhar d'athbhreithniú breithiúnach san Ard-Chúirt faoi láthair. Tá sí liostaithe lena héisteacht an 3 Deireadh Fómhair 2017.

Minch -v- An Coimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil [2016] IEHC 91

Sa chás An tUas. Stephen Minch agus an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (CEI/13/0006), chinn mé nach raibh i dtuarascáil eacnamaíoch dar teideal"Analysis of options for potential State intervention in the roll out of next-generation broadband" inti féin aon fhaisnéis faoin gcomhshaol. Bhreithnigh mé freisin cé acu a bhí nó nach raibh sa tuarascáil sin anailísí nó toimhdí a úsáideadh faoi chuimsiú birt ar dóigh dó difear a dhéanamh don chomhshaol (ba é an Plean Náisiúnta Leathanbhanda an beart a bhí i gceist anseo). Bhí mé den tuairim gur ró-iargúlta a bhí an nasc idir an Plean Náisiúnta Leathanbhanda agus aon difear a dhéanfaí don chomhshaol. Dá bhrí sin, chinn mé go raibh údar ag an Roinn le diúltú géilleadh do rochtain ar an tuarascáil.

Rinne an tUas. Minch achomharc in aghaidh na breithe sin chuig an Ard-Chúirt. I mbreithiúnas uaithi an 16 Feabhra 2016, chuir an Ard-Chúirt an breithiúnas ón gCúirt Uachtarach sa chás An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní v An Coimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil [2013] IEHC 86 i bhfeidhm, agus brí chuspóiriúil á baint aici as na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol. Bhí an Chúirt den tuairim gur áiríodh le "hanailísí agus toimhdí a úsáideadh faoi chuimsiú" birt faisnéis "atá in ann eolas a thabhairt" do chinnteoir. Bhí an Chúirt den tuairim nach bhfuil faisnéis "a úsáideadh faoi chuimsiú birt" teoranta don fhaisnéis a bhí ar fáil tráth a scríobhadh tuarascáil ar leith. Chinn an Chúirt gur mhícheart a bhí an tástáil iargúltachta a cuireadh i bhfeidhm sa bhreith bhunaidh uaim toisc go raibh an tástáil féin róchúng. Go háirithe, bhí an Chúirt den tuairim nár tugadh aird sa tástáil iargúltachta ar bhearta, ar chláir ná ar bheartais ar dhóigh dóibh difear a dhéanamh don chomhshaol. Thug an Chúirt le fios gur cheart an t-ábhar a chur ar ais chuig an Oifig seo ionas go bhféadfadh sí breith nua a thabhairt air.

Rinne mé achomharc in aghaidh codanna áirithe den bhreithiúnas sin chuig an gCúirt Achomhairc. Tá an t-ábhar liostaithe lena éisteacht an 16 Meitheamh 2017.

Saincheisteanna a tháinig chun cinn sa bhliain 2016

Méadú ar líon na n-achomharc a rinneadh chuig OCFC

Bunaithe ar eispéireas OCFC, is minic a bhíonn achomhairc faoi na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol níos casta agus níos déine ó thaobh acmhainní de ná achomhairc faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Le blianta beaga anuas, bhí achomhairc chuig an Oifig seo faoi réir moilleanna mar gheall ar an easpa acmhainní a bhí ar fáil. Tháinig riaráiste suntasach achomharc chun cinn dá bharr sin. Chun dul i ngleic leis an bhfadhb sin, rinne mé aighneacht rathúil buiséid chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe sa bhliain 2014 d'fhonn baill foirne bhreise a áirithiú chun freastal ar riachtanais oibriúcháin OCFC. Tar éis próiseas oscailte earcaíochta, ceapadh beirt Imscrúdaitheoirí i mí an Mheithimh 2015, agus é de dhualgas orthu oibriú go sonrach ar achomhairc chuig OCFC.

A bhuí leis an méadú sin ar sholáthar foirne, bhí an Oifig seo in ann líon na n-achomharc a phróiseáiltear gach bliain a mhéadú go suntasach. Sa bhliain 2016, thug mé 27 mbreith fhoirmiúla ar achomhairc (níos mó ná an líon a tugadh sna ceithre bliana roimhe le chéile). Beag beann ar an dul chun cinn sin, áfach, is amhlaidh gur tháinig méadú ar líon na gcásanna a bhí ag fanacht lena n-imscrúdú sa bhliain 2016.

Achomhairc a fuarthas faoi na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol sa tréimhse 2012-2016



Tá sé soiléir anois gurb amhlaidh, ón mbliain 2014 i leith, go bhfuil méadú níos mó ná riamh tagtha ar líon na n-iarrataí ar rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaol atá á ndéanamh chuig údaráis phoiblí in Éirinn. De réir an staidrimh atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Roinne Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil, rinneadh 374 iarraidh ar rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaol chuig údaráis phoiblí in Éirinn sa bhliain 2013. Mhéadaigh an figiúr sin go 658 n-iarraidh ar rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaol faoin mbliain 2015. Cé go bhfáiltím roimh an bhfeasacht mhéadaithe atá ag an bpobal ar an gceart atá acu chun rochtain a fháil ar fhaisnéis faoin gcomhshaol, is amhlaidh, mar gheall ar an méadú faoi dhó atá tagtha ar líon na n-iarrataí ar fhaisnéis faoin gcomhshaol, go raibh tionchar comhfhreagrach ann ar líon na n-achomharc a rinneadh chuig an Oifig seo, agus méadú 280% tagtha ar líon na n-achomharc a fuarthas ón mbliain 2014 i leith.

Mar thoradh ar an méadú suntasach sin ar an leibhéal éilimh, is léir go bhfuil easpa acmhainne ag OCFC anois chun achomhairc a phróiseáil. Go háirithe, bíonn moilleanna suntasacha ann idir an dáta a ghlactar le hachomhairc agus an dáta a bhíonn Imscrúdaitheoir de chuid OCFC ar fáil chun déileáil leo. Chun aghaidh a thabhairt air sin,

chuir mé tús leis an bpróiseas chun baill foirne bhreise a earcú ar mhaithe lena chinntiú go mbeidh mé in ann na feidhmeanna reachtúla atá agam a chomhlíonadh go héifeachtach.

Caidreamh leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil

I mí Dheireadh Fómhair 2016, ghlac an tImscrúdaitheoir Sinsearach san Oifig seo páirt i nGrúpa Comhairleach maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol. Ba í an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil a d'eagraigh an grúpa sin. Bhí an grúpa comhdhéanta de gheallsealbhóirí seachtracha agus d'eagraíochtaí neamhrialtasacha agus dhírigh sé ar na feabhsuithe agus ar na hathchóirithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an dlí náisiúnta maidir le rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaol.

Rinne an Roinn imeacht oiliúna maidir le rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaol a reáchtáil do bhaill foirne údaráis phoiblí i mí Dheireadh Fómhair freisin. Le linn an imeachta sin, thug Imscrúdaitheoir ón Oifig seo cur i láthair maidir le breitheanna achomhairc ó OCFC agus tharraing sé aird na rannpháirtithe ar na hacmhainní atá ar fáil ar líne. Faoi mar a tharla i mblianta roimhe sin, soláthraíodh faisnéis shoiléir úsáideach faoi na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol do bhaill foirne údaráis phoiblí le linn an imeachta oiliúna. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Roinn as an obair leanúnach a dhéanann sí ina leith sin.

Táim ag tnúth le hobair i gcomhar leis an Roinn an athuair sa bhliain 2017 chun treoirlínte athbhreithnithe a fhoilsiú maidir le rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaol agus chun freastal ar shaincheisteanna eile a bhfuil leas frithpháirteach againn iontu.

Teachtaireacht chuig an gCoiste um Chomhlíonadh Choinbhinsiún Aarhus (ACCC/C/2016/141)

I mí Lúnasa 2016, rinne Right to Know CLG (grúpa abhcóideachta Éireannach atá ag plé le rochtain an phobail ar fhaisnéis) teachtaireacht a sheoladh chuig an gCoiste um Chomhlíonadh Choinbhinsiún Aarhus (ACCC/C/2016/141) maidir le gnéithe den dóigh a raibh Éire ag comhlíonadh an Choinbhinsiúin. Rinneadh tagairt sa teachtaireacht sin do mhoilleanna ar an am a thóg sé ar OCFC chun achomhairc faoi na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol a phróiseáil. Pléadh nósanna imeachta OCFC sa teachtaireacht freisin. Is í an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil atá freagrach as ráitis a chur faoi bhráid an Choiste um Chomhlíonadh i leith na teachtaireachta sin. Sholáthair an Oifig seo faisnéis don Roinn faoin obair a dhéanann OCFC, agus é mar aidhm aici bonn eolais a chur faoi na ráitis ón Roinn. Coinneoidh mé súil ar an bpróiseas sin de réir mar is cuí.

Breithiúnais ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh sa bhliain 2016

Le hairteagal 10(1) de na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol, cuirtear cosc ar eisceachtaí áirithe ó nochtadh a chur i bhfeidhm i gcás go mbaineann iarraidh "le faisnéis faoi astaíochtaí isteach sa chomhshaol."

Sna breithiúnais uaithi sna cásanna Bayer CropScience SA-NV, Stichting De Bijenstichting v College voor de toelating van gewasbeschermingsmiddelen en biociden (Cás C-442/14) agus An Coimisiún v Stichting Greenpeace Nederland agus PAN Europe (Cás C-673/13 P), thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh soiléiriú maidir leis an mbrí atá le "hastaíochtaí isteach sa chomhshaol", de réir mar a bhaineann siad le táirgí cosanta plandaí agus le bithicídí. Bhí an Chúirt den tuairim go gcumhdaítear leis an téarma "astaíochtaí isteach sa chomhshaol" scaoileadh substaintí iarbhír nó intuartha faoi ghnáthdhálaí úsáide nó faoi dhálaí úsáide réalaíocha. Níor theorannaigh an Chúirt coincheap na n-astaíochtaí do na hastaíochtaí sin ó ionaid thionsclaíocha.

Bhí an Chúirt den tuairim go n-áirítear le faisnéis faoi "astaíochtaí isteach sa chomhshaol" faisnéis faoi chineál, comhdhéanamh, cainníocht, dáta agus áit na n-astaíochtaí, mar aon le faisnéis lena gcumasaítear don phobal a sheiceáil cé acu atá measúnacht oifigiúil ar astaíochtaí iarbhír nó intuartha ceart nó nach bhfuil. De réir na Cúirte, áirítear léi freisin faisnéis lena gcumasaítear don phobal sonraí faoi na hiarmhairtí a bheidh ag na hastaíochtaí lena mbaineann ar an gcomhshaol idir an meántéarma agus an fadtéarma agus faisnéis faoi fhuíll astaíochtaí agus faoi ghluaiseacht astaíochtaí a sheiceáil.

I gcás C-673/13 P, chuir an Chúirt an cinneadh roimhe sin ón gCúirt Ghinearálta i leataobh, rud ina bhfuarthas amach go n-áirítear le faisnéis a bhaineann le hastaíochtaí faisnéis atá nasctha "ar bhealach sách díreach" le hastaíochtaí den sórt sin. Ina ionad sin, tháinig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ar an tuairim gur gá, maidir le faisnéis a bhaineann le hastaíochtaí, go bpléitear inti leis na hastaíochtaí atá i gceist agus gur gá go bhfuil sí ábhartha maidir le hastaíochtaí den sórt sin agus nach n-áirítear léi faisnéis ag a bhfuil aon nasc, bíodh sé díreach nó indíreach, le hastaíochtaí isteach sa chomhshaol.

Breitheanna suntasacha sa bhliain 2016

Achoimre ar na torthaí ar bhreitheanna sa bhliain 2016

Sa bhliain 2016, thug mé 27 mbreith fhoirmiúla ar achomhairc faoi na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol. Chinn mé i 19 gcinn de na cásanna sin nach raibh údar ann (go pointe éigin) le diúltú géilleadh d'iarraidh. In 12 cheann de na 27 mbreith, chuir mé ceangal ar an údarás poiblí lena mbaineann rochtain a chur ar fáil dom ar chuid den fhaisnéis faoin gcomhshaol a iarradh nó ar an bhfaisnéis sin ar fad. Luaigh mé i 9 gcás gur cheart don údarás poiblí breith nua a thabhairt ar an iarraidh. I gcás 8 n-achomharc, chinn mé go raibh údar iomlán ann leis an diúltú géilleadh d'iarrataí na n-achomharcóirí (cé nár

aontaigh mé leis an údarás poiblí lena mbaineann maidir leis na cúiseanna leis an diúltú i ngach cás). Tá gach ceann de na breitheanna a thug mé sa bhliain 2016 foilsithe ar shuíomh Gréasáin OCFC.

Tá na cásanna seo a leanas ina samplaí suntasacha de bhreitheanna a thug mé sa bhliain 2016 agus inar chuir mé ceangal ar údaráis phoiblí faisnéis faoin gcomhshaol a chur ar fáil d'iarratasóirí.

Sa chás Cuan na Gaillimhe in aghaidh Cliabháin Bhradán agus Foras na Mara (CEI/15/0013), bhreithnigh mé iarraidh ar rochtain ar fhaisnéis faoi ghalar paincréasach i measc bradán feirme. Chinn mé gur mhó an leas pobail i rialáil thrédhearcach an tionscail feirmeoireachta éisc ná na leasanna tráchtála a bhí ag gabháil leis an diúltú géilleadh don iarraidh ón achomharcóir. Chuir mé ceangal ar Fhoras na Mara rochtain a chur ar fáil ar an bhfaisnéis a iarradh.

Sa chás Francis Clauson agus Líonraí BSL Teoranta (CEI/15/0029), rinne mé breithniú ar iarraidh ar fhaisnéis faoin aschur cumhachta ó shaoráid giniúna leictreachais. Bhí an fhaisnéis sin i seilbh Líonraí BSL, rud arb é an t-údarás reachtúil atá freagrach as an gcóras náisiúnta dáilte cumhachta é. Cé go ndéanfadh nochtadh na faisnéise lena mbaineann dochar do rúndacht tráchtála agus thionsclaíoch, chinn mé gur mhó leas láidir an phobail in oibriú trédhearcach an bheartais fuinnimh in-athnuaite agus meicníochtaí gaolmhara tacaíochta praghsanna ná an leas sin i rúndacht.

Sa chás Fand Cooney agus Líonraí BSL Teoranta (CEI/15/0002), rinne mé athbhreithniú ar dhiúltú ó Líonraí BSL géilleadh do rochtain ar fhaisnéis faoi thionscadal tarchuir chumhachta i bPort Laoise. Rinne mé athbhreithniú ar dhoiciméad "breithmheasa infheistíochta" ar an tionscadal agus fuair mé amach gur chuimsigh sé faisnéis faoin gcomhshaol (mar atá sainmhínithe sna Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol). Chinn mé nach raibh oibleagáid ar Líonraí BSL faisnéis a nochtadh faoi chostas an tionscadail toisc go ndéanfadh sé sin dochar do rúndacht tráchtála. Beag beann ar an mbreith sin, chuir mé ceangal ar Líonraí BSL codanna eile den doiciméad breithmheasa a chur ar fáil don achomharcóir, ar chodanna iad nach raibh feidhm ag rúndacht tráchtála ina leith.

Sa chás Damien McCallig agus an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (CEI/15/0032), rinne mé athbhreithniú ar an diúltú ón Roinn géilleadh do rochtain ar shonraí samhaltaithe a úsáideadh mar bhonn eolais faoi fhorbairt an bheartais fuinnimh ghaoithe. D'áitigh an Roinn gur bhain an fhaisnéis sin le próiseas breithniúcháin a bhí fós ar siúl ag an am. Bhí sí den tuairim go ndéanfadh nochtadh na faisnéise dochar do rúndacht imeachtaí údarás poiblí chun críocha airteagal 8(a)(iv). Tháinig mé ar an tuairim nár nochtadh an toradh ar an bpróiseas sin san fhaisnéis a bhí i gceist. Dá bhrí sin, chinn mé nár dhóigh go ndéanfadh eisiúint na faisnéise dochar do phróiseas cinnteoireachta. Thug mé faoi deara freisin an leas láidir pobail a bhaineann le deis a bheith ag daoine den phobal aighneachtaí eolacha a dhéanamh ar bhreitheanna comhshaoil.

Iarrataí atá míréasúnta go follasach agus iarrataí atá curtha in iúl i dtéarmaí róghinearálta

Sa bhliain 2016, bhain roinnt achomharc a fuarthas le hiarrataí a bhí curtha in iúl i dtéarmaí róghinearálta agus le hiarrataí a bhí míréasúnta go follasach maidir leis an méid agus an raon faisnéise atá á hiarraidh. Foráiltear le hairteagail 9(2)(a) agus (b) de na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol go bhféadfaidh údaráis phoiblí diúltú géilleadh d'iarrataí den sórt sin. Nuair is cuí, ba cheart d'údaráis phoiblí breithniú a dhéanamh ar na forais sin le diúltú mar réamhábhair le linn dóibh iarrataí ar rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaol a phróiseáil.

Iarrataí atá curtha in iúl i dtéarmaí róghinearálta

Faoi airteagal 7(8) de na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol, is amhlaidh, i gcás go bhfuil iarraidh curtha in iúl i dtéarmaí róghinearálta, go bhfuil oibleagáid ar an údarás poiblí lena mbaineann cuireadh a thabhairt don iarratasóir iarraidh níos sonraí a dhéanamh a luaithe is féidir. Ní mór don údarás cúnamh a thairiscint don iarratasóir maidir le hiarraidh den sórt sin a ullmhú freisin. Foráiltear le hairteagal 9(2)(b) go bhféadfaidh údarás poiblí diúltú géilleadh d'fhaisnéis faoin gcomhshaol a chur ar fáil i gcás go bhfuil iarraidh fós curtha in iúl i dtéarmaí róghinearálta, agus aird á tabhairt ar airteagal 7(8).

Sa chás An Comhairleoir Thomas Cullen agus an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (CEI/15/0018), thug mé faoi deara nach gcuirtear leis na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol aon oibleagáid ar údaráis phoiblí próiseáil a dhéanamh ar iarrataí ar fhaisnéis atá curtha in iúl i dtéarmaí róghinearálta. Ba cheart iarrataí a bheith teoranta go réasúnta don ábhar atá i gceist agus don ábhar sin amháin nuair is féidir. Sa chás sin, d'iarr an t-achomharcóir *"An fhaisnéis ar fad a bhaineann le doiciméid a chuir [tríú páirtí ainmnithe] faoi bhráid na Roinne. Gach litir a seoladh agus a fuarthas, gach ríomhphost seachtrach agus inmheánach, gach meamram, miontuairiscí agus dáta gach cruinnithe, gach taifead agus gach nóta ar chomhráite thar an teileafón agus gach faisnéis den sórt sin atá i seilbh na Roinne agus a bhaineann leis an gcomhfhreagras idir [an tríú páirtí ainmnithe], an tAire agus an Roinn."* Sa fhreagra uaithi air sin, thug an Roinn cuireadh don achomharcóir iarraidh níos sonraí a dhéanamh agus mhol sí gur cheart dó sonraí a thabhairt faoi gach ábhar agus tréimhse ama lena mbaineann. Dhiúltaigh an t-achomharcóir d'iarraidh níos sonraí a dhéanamh ina dhiaidh sin. Ar achomharc, chinn mé ina dhiaidh sin go raibh údar ag an Roinn le diúltú géilleadh don iarraidh faoi airteagal 9(2)(b).

Iarrataí ar fhaisnéis faoin gcomhshaol atá míréasúnta go follasach

Foráiltear le hairteagal 9(2)(a) de na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol go bhféadfar diúltú géilleadh d'iarraidh i gcás go bhfuil an iarraidh míréasúnta go follasach maidir leis an méid agus an raon faisnéise atá á hiarraidh. Ní mór an foras sin le diúltú a léirmhíniú i bhfianaise airteagal 7(2)(b), rud lena bhforáiltear go bhféadfaidh údarás poiblí aon mhí amháin a chur leis an tréimhse nach mór dó breith a thabhairt inti i

gcás gur gá déanamh amhlaidh mar gheall ar mhéid nó ar chastacht na hiarrata. I gcás nach féidir le húdarás poiblí iarraidh a phróiseáil go réasúnach laistigh den tréimhse shínte dhá mhí, d'fhéadfadh go mbeadh sé cuí breithniú a dhéanamh ar dhiúltú géilleadh don iarraidh ar an mbonn go bhfuil an iarraidh míréasúnta go follasach. Amhail i gcás gach eisceachta ó nochtadh faoi airteagail 8 agus 9, tá an foras sin le diúltú faoi réir tástáil leasa pobail faoi airteagal 10(3).

Ba leis an bhforas sin le diúltú a bhain roinnt achomharc a rinneadh chuig an Oifig seo sa bhliain 2016. Mar shampla, sa chás Mary Horan Uas., Margaret Mulligan Uas. agus an tUas. Frank Mulligan agus Líonraí BSL (CEI/14/0009), d'iarr na hachomharcóirí rochtain ar *"chóipeanna díobh seo a leanas: gach píosa comhfhreagrais/gach doiciméad/gach píosa páipéir a gineadh, agus an fhaisnéis ar fad atá ar eolas agat agus a bhaineann in aon slí nó i ngach slí le costas iomlán Thionscadal Stáisiún Shrath na nEach ('an Tionscadal') . . . lena n-áirítear na nithe seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh: na costálacha bunaidh don tionscadal, an cúiteamh a íocadh le gach úinéir talún lena mbaineann, an costas ar na hoibreacha tógála ar fad, agus aon chostais agus gach costas a bhaineann leis an tionscadal, táillí dlí agus táillí comhairleoireachta ina measc".* D'áitigh Líonraí BSL go raibh an iarraidh sin míréasúnta go follasach toisc gur lorgaíodh inti rochtain ar fhaisnéis faoi na céadta idirbheart scoite a rinneadh thar chuid mhór blianta, mar aon leis an gcostas ar an dlíthíocht a bhí i gceist. Mar gheall ar an bhfoclaíocht uilechuimsitheach a bhí san iarraidh ó na hachomharcóirí, agus tar éis dom aird a thabhairt ar an méid agus an raon faisnéise a iarradh, chinn mé go raibh údar ann leis an diúltú ar an mbonn go raibh an iarraidh míréasúnta go follasach ó thaobh méide agus raoin de.

Cé go nglacaim leis nach mbíonn iarratasóirí ar an eolas faoin méid faisnéise atá á sealbhú ag údarás poiblí nó thar a cheann, d'fhéadfadh gur mhó dochar ná maitheas a dhéanfadh iarraidh uileghabhálach ar fhaisnéis faoin gcomhshaol agus go ndiúltófaí géilleadh don iarraidh toisc go dtagann méid doláimhsithe faisnéise faoi raon feidhme na hiarrata. Mholfainn go láidir d'iarratasóirí agus d'údaráis phoiblí obair le chéile ar raon feidhme na n-iarrataí ón tús ar mhaithe leis an ngá atá le diúltú faoi airteagal 9(2)(a) a sheachaint.

Breitheanna ar an sainmhíniú ar fhaisnéis faoin gcomhshaol

In airteagal 3(1) de na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol, tugtar sainmhíniú ar "fhaisnéis faoin gcomhshaol" chun críocha na Rialachán. Áirítear leis an sainmhíniú aon fhaisnéis faoi shé mhórábhar a bhaineann leis an gcomhshaol, lena n-áirítear aon fhaisnéis faoi bhearta nó ghníomhaíochtaí a dhéanann difear do ghnéithe den chomhshaol nó ar dóigh dóibh difear a dhéanamh do na gnéithe sin. Ina lán cásanna a thagann os mo chomhair, diúltaíonn údaráis phoiblí géilleadh d'iarrataí ar rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaol ar an mbonn nach dtagann an fhaisnéis atá á hiarraidh faoin sainmhíniú ar fhaisnéis faoin gcomhshaol. Ba mhaith liom a chur in iúl go soiléir nach gá go gcuimseoidh faisnéis cur síos díreach ar ghnéithe den chomhshaol ionas go dtiocfaidh sí faoi raon feidhme na Rialachán maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol. Dá bhrí

sin, ba cheart d'údaráis phoiblí aird a thabhairt ar gach a dtagann faoin sainmhíniú sin agus iad ag déanamh breithniú ar iarrataí ar rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaol. Táim ag súil go soláthróidh an Chúirt Achomhairc tuilleadh soiléirithe ar an sainmhíniú ar fhaisnéis faoin gcomhshaol sa bhliain 2017, tar éis di cás *Minch* a éisteacht ar achomharc.

Sa bhliain 2016, chuir mé mo thuairim in iúl ar raon feidhme an tsainmhínithe ar fhaisnéis faoin gcomhshaol sa chás Ken Foxe agus an Roinn Cosanta (CEI/15/0007). Bhain an t-achomharc sin le faisnéis faoi thaisteal oifigiúil inar úsáideadh aerárthaí atá faoi úinéireacht an Stáit. Agus aidhmeanna Choinbhinsiún Aarhus á gcur san áireamh agam, tháinig mé ar an gconclúid gur féidir a rá gurb amhlaidh, chun críche an tsainmhínithe, gur ag faisnéis ina gcuirtear síos ar ghnéithe dílse de ghníomhaíocht a dhéanann difear don chomhshaol atá nasc leordhóthanach le tosca comhshaoil, fiú amháin i gcás nach léirítear staid na ngnéithe den chomhshaol go díreach san fhaisnéis inti féin. Sa bhreith chéanna, chinn mé nach dtagann faisnéis theagmhasach nach sainítear inti seoladh na gníomhaíochta atá i gceist (amhail liostaí d'ainmneacha paisinéirí sa chás seo) faoi raon feidhme an tsainmhínithe atá sna Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol.

Sa bhreith uaim sa chás Mary Horan Uas., Margaret Mulligan Uas. agus an tUas. Frank Mulligan agus Líonraí BSL (CEI/14/0009), chinn mé gurbh fhaisnéis dhílis faoin tionscadal a bhí san fhaisnéis faoin gcostas iomlán ar mhórthionscadal forbartha bonneagair fuinnimh agus go n-éascódh nochtadh na faisnéise sin cuntasacht agus trédhearcacht i leith beart a dhéanann difear don chomhshaol. Dá bhrí sin, chinn mé gur tháinig an fhaisnéis a iarradh faoin sainmhíniú ar "fhaisnéis faoin gcomhshaol".

Ar an taobh eile, chinn mé, sa chás Phillip Cantwell agus Comhairle Chontae na Mí (CEI/15/0021), nár tháinig píosaí faisnéise ar leith faoi chostais tionscadail (mar a bhí leagtha amach ar shonraisc aonair, ar éilimh ar sheiceanna agus ar thuairiscí ar íocaíochtaí eatramhacha) faoin sainmhíniú, toisc nach raibh an fhaisnéis sin ina cuid dhílis den bheart a bhí á bhreithniú chun críocha na Rialachán maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol.

Aistriú Iarrataí ar Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol

Faoi airteagal 7(5) de na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol, is amhlaidh, i gcás go ndéantar iarraidh chuig údarás poiblí agus nach bhfuil an fhaisnéis a iarradh á sealbhú ag an údarás lena mbaineann ná thar a cheann, nach mór don údarás sin fógra a thabhairt don iarratasóir faoi sin a luaithe is féidir.

Faoi airteagal 7(6), is amhlaidh, i gcás nach bhfuil aon fhaisnéis iomchuí á sealbhú ag údarás poiblí ná thar a cheann agus gurb eol don údarás sin go bhfuil an fhaisnéis a iarradh á sealbhú ag údarás poiblí eile, nach mór don údarás poiblí an iarraidh a aistriú chuig comhlacht poiblí eile nó fógra a thabhairt don iarratasóir faoin údarás poiblí a gcreideann sé gur cheart an iarraidh a sheoladh chuige. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil

an dá fhoráil sin nasctha le chéile – ní fhéadfaidh údarás poiblí iarraidh a aistriú ach amháin i gcás nach bhfuil an fhaisnéis a iarradh á sealbhú ag an údarás poiblí sin.

Sa chás An tUas. Thomas Freeman agus Bord Soláthair an Leictreachais (CEI/16/0010), rinneadh iarraidh ar rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaol chuig Bord Soláthair an Leictreachais, ar corparáid reachtúil é a bunaíodh faoin Acht Leictreachais (Soláthar), 1927. Sa chás sin, áfach, ba ó údarás poiblí ar leith a eisíodh an bhreith ar an iarraidh. Ba é sin, fochuideachta imfhálaithe de chuid BSL darb ainm Líonraí BSL Teoranta. San aighneacht uaidh chuig an Oifig seo, mhínigh BSL go raibh seirbhís chomhroinnte i bhfeidhm aige chun iarrataí ar rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaol a phróiseáil ar fud a fhochuideachtaí eile. Cuireann na fochuideachtaí sin na hiarrataí ar aghaidh chuig comhordaitheoir lárnach ansin, a sheolann an iarraidh chuig cibé fochuideachta de chuid BSL ar dóigh go mbeidh an fhaisnéis lena mbaineann aici.

Sna cúinsí sin, chinn mé nach raibh údar ag BSL leis an iarraidh ón achomharcóir a aistriú mar a airbheartaíodh. Féadfaidh daoine den phobal iarraidh ar rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaol a sheoladh chuig údarás poiblí dá rogha. Mar sin, is faoin údarás poiblí ar roghnaigh an t-iarratasóir é a bheidh sé freagra a thabhairt ar an iarraidh. Ní fhéadfaidh údarás poiblí iarraidh a aistriú chuig údarás poiblí eile ach amháin mar a fhoráiltear dó in airteagail 7(5) agus (6).

Sa bhreith uaim, d'aithin mé a chasta atá na socruithe rialála agus conarthacha atá i bhfeidhm idir na comhlachtaí a bhfuil Grúpa BSL comhdhéanta díobh. Táim den tuairim, áfach, nach mór do gach údarás poiblí laistigh den ghrúpa forálacha na Rialachán maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol a chomhlíonadh ar bhonn aonair.